# Scoil Ceoil Broderick/Carty

Siar i Mí an Mhárta bronnadh ceithre dhuais náisiúnta ar Choiste Ghlór na nGael i mBaile Locha Riach as an fhorbairt atá déanta acu leis an Ghaeilge a chur chun cinn. I measc na duaiseanna seo, d'éirigh leo Duais Trasteorann as comhoibriú le Glór na Móna, Béal Feirste.

Tá comhoibriú leanúnach ar siúl le tamaill idir Ghaeilge Locha Riach agus Glór na Móna leis an phobal ghaelach a chothú is a spreagadh eatarthu. Cheana féin, bhí nascanna breátha cothaithe idir dhaltaí Ghaelscoil na Móna is Gaelscoil Riabhach.

Le linn Scoil Ceoil Traidisiúnta an tSamhraidh idir 15 agus 20 Iúil, bhí freastal iontach ó lucht Bhéal Feirste ar an ócáid. Thaisteal roinnt teaghlaigh le sult agus tairbhe a bhaint as imeachtaí na seachtaine. Ní amháin sin ach bhí cuid de na cuairteoirí Feirsteacha ag teagasc agus i mbun ceardlanna speisialta. Píobaire aitheanta as Béal Feirste atá i gCormac Ó Briain agus é ag teagasc, i mbun ceardlainne is ag glacadh páirte i gcuid de na seisiúin ceoil i rith na seachtaine.

Cinnte, bhí clár leathan leagtha amach ag Scoil Ceoil Traidisiúnta an tSamhraidh d'Oirthear na Gaillimhe le déanaí.

Thosaigh imeachtaí na seachtaine le seisiún ceoil sa Halla Pobail i mBállan aifreann i nGaeilge ar siúl ina dhiaidh. Cuireadh clabhsúr l'imeachtaí na hoíche sin agus ceolchoirm mhór ar siúl agus réimse bhreá ceoltóirí ar ardán san Aonad Pobail i dTúr Rua.

Thug Scoil Ceoil an tSamhraidh Broderick/Carty deis do dhaltaí réimse leathan ceoil traidisiúnta a fhoghlaim. Bhí suas le ceithre scór ar na ranganna ceoil agus réimse breá gléasanna ceoil á mhúineadh d'aois-ghrúpa breá-leathan ar leibhéil éagsúla. Gach lá, bhí seisiún roghnach breise curtha ar fáil saor in aisce ina raibh béim curtha ar an amhránaíocht is ar an damhsa. Bhí deis ag gach dalta rince ceilí is seit a fhoghlaim mar aon le roinnt amhráin traidisiúnta.

Cuireadh suim ar leith sna ceardlanna speisialta eagraithe ar an amhránaíocht ar an tsean-nós, ar rince ar an tsean-nós, ar na píobaí uillinn, ar na buíonta ceoil is ar na cleamairí.

I measc na himeachtaí speisialta a tharla, bhí Verena Cummins i mbun ceardlann do fheabhasóirí atá ag iarraidh cleachtadh mar bhuíonta ceoil.

Bhí deis ag daoine freastal ar ceardlann amhránaíochta ar an tsean-nós le Treasa Ní Cheannabháin is Naisirín Elsafty. Bhí 'Tráth na gCeist' ar an cheol traidisiúnta eagraithe i rith imeachtaí an lae. Tháionig scaifte mhaith le chéile le páirt a ghlacadh i gceardlann damhsa ar an tsean-nós le Gearóid Ó Dubháin. Cuireadh béim ar leith ar nósanna na gCleamairí sa chomharsanacht agus daltaí ag foghlaim portanna ceoil áirithe agus ceardlann eagraithe ag Máire Ní Cheallaigh Uí Stiobhaird ar an traidisiúin úd.

Gan amhras, bhí go leor ceoil le cloisteáil sa cheantar agus seisiún ceoil eagraithe gach oíche na seachtaine. Nuair a chríochnaigh na ranganna ceoil, tháinig na daltaí le chéile le ceolchoirm a bheith acu in Aonad Túr Rua leis an mhéid a bhí foghlamtha acu a léiriú ar ardán don phobal áitiúil. Bhí ceolchoirm iontach speisialta ag na daltaí féin agus ba mhór an ónóir do thuismitheoirí, cairde agus pobal na háite ceithre scór dalta i mbun ceolchoirme ar ardán.

Ag labhairt ag an cheolchoirm, dúirt Michael Fahy, Cathaoirleach CCÉ Bhaile Locha Riach nach raibh aon amhras air ach go raibh sé ar an Scoil Ceoil is fearr riamh a bhí acu le haghaidh Sheachtain Broderick/Carty.

Ghabh sé buíochas ar leith roimh an choiste eagraithe, roimh na múinteoirí agus b'iontach leis an méid forbairt a bhí déanta ag an scoil le spreagadh ón phobal agus ó na daltaí féin. Chuir sé fáilte roimh na teaghlaigh a tháinig as Béal Feirste don ócáid rud a chur go mór l'imeachtaí na bliana. Gan amhras tá súil ag lucht eagraithe an Scoil Ceoil go dtógfar ar an nasc cultúrtha seo agus tá forbairtí breise á phlé cheana féin.

D'admhaigh sé go raibh gá le forbairt i gcónaí agus go raibh pleananna leagtha amach cheana féin le feabhas a chur ar chúrsaí don bhliain seo chugainn.

Ba mhór an spreagadh é don phobal a leithéid a fheiceáil is a chloisteáil ina gcomharsanacht féin agus chreid sé go bhfuil dualgas ar chraobhacha áitiúla de CCÉ tógáil ar an dul chun cinn dearfach seo. Faraor, ní thiocfadh mórán forbartha a dhéanamh gan an tacaíocht flaithiúil ó Fhoras na Gaeilge, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin.

# Most Successful Scoil Ceoil

It was said to have been the most successful summer school of music so far in East Galway with events running night and day and up to eighty pupils taking part in classes learning different instruments at various levels with a wide age group catered for.

Every pupil also had the chance of learning set and ceilí dancing as well as traditional singing 'as Gaeilge'.

There was a great interest in the specially organised workshops on sean-nós dancing and singing, the uillinn pipes, ceilí bands and the mummers. There was an emphasis of the Gaelic culture with most of these workshops run as Gaeilge.

It proved to be an exceptional concert at Turoe giving parents, friends and the local community the opportunity to see all the pupils performing on stage.

Speaking at this occasion, Michael Fahy, Chairperson of CCÉ Loughrea said he had no doubt but that he had experienced the best Broderick/Carty music school.

He thanked the organising committee, the teachers and congratulated the development of the school with the co-operation of the local community and it's

students. He welcomed the involvement of the families that travelled from Belfast that added somewhat to the school this year. He admitted that there was always room for improvement and plans were already under way in preparation for next year.

It was great for the local community to see, hear, and experience this festival and he said that he believed that there was a duty on the local branches of Comhaltas to build on this positive progress.

Of course, this progress could not have occurred without the generous sponsorship from Foras na Gaeilge, Comhairle Chontae na Gaillimhe and Naomh Breandáin Credit Union.